Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 31 Iúil 2023**
**(OR. en)**

**12185/23**

**AG 83**
**INST 298**
**CLIMA 364**
**ENV 890**
**COMPET 792**
**FIN 838**
**SOC 559**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2023) 4751 final |
| Ábhar: | CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOIMISIÚN an 11.7.2023 maidir leis an iarraidh ar chlárú an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh dar teideal ‘Cáin a chur ar an saibhreas mór chun an t-aistriú éiceolaíoch agus sóisialta a mhaoiniú’ de bhun Rialachán (AE) 2019/788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2023) 4751 final.

---

Faoi iamh: C(2023) 4751 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

Strasbourg, 11.7.2023
C(2023) 4751 final

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOIMISIÚN**

**an 11.7.2023**

**maidir leis an iarraidh ar chlárú an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh dar teideal 'Cáin a chur ar an saibhreas mór chun an t-aistriú éiceolaíoch agus sóisialta a mhaoiniú' de bhun Rialachán (AE) 2019/788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

(Is é an téacs Fraincise amháin atá barántúil)

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOIMISIÚN**

**an 11.7.2023**

**maidir leis an iarraidh ar chlárú an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh dar teideal 'Cáin a chur ar an saibhreas mór chun an t-aistriú éiceolaíoch agus sóisialta a mhaoiniú' de bhun Rialachán (AE) 2019/788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

(Is é an téacs Fraincise amháin atá barántúil)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir leis an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh[1], agus go háirithe Airteagal 6(2) agus (3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Cuireadh iarraidh ar chlárú tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh dar teideal 'Cáin a chur ar an saibhreas mór chun an t-aistriú éiceolaíoch agus sóisialta a mhaoiniú' faoi bhráid an Choimisiúin an 8 Meitheamh 2023.

(2) Is mar a leanas a chuir na heagraithe cuspóirí an tionscnaimh in iúl: 'cáin Eorpach ar an saibhreas mór a bhunú. Chuirfeadh sé sin le hacmhainní dílse an Aontais, agus d'fhágfadh an t-ioncam gurbh fhéidir méadú agus buanú a dhéanamh ar na beartais a bhaineann leis an aistriú Eorpach éiceolaíoch agus sóisialta agus leis an gcomhar um fhorbairt, nithe a chómhaoiníonn na Ballstáit. D'úsáidfí an rannchuidiú sin chun an t-athrú aeráide agus an neamh-chomhionannas a chomhrac agus chuideodh sé lena áirithiú go n-íocfadh saoránaigh Eorpacha a gcion cothrom ar son na cuspóirí sin a bhaint amach.'

(3) In iarscríbhinn a ghabhann leis an tionscnamh, tugtar tuilleadh sonraí faoi ábhar, faoi chuspóirí agus faoi chúlra an tionscnaimh. Déanann sé tagairt do chuspóir an Aontais dea-bhail a chuid pobal a chur chun cinn, eisiamh sóisialta a chomhrac, ceartas sóisialta agus an chosaint a shóisialta a ráthú a ráthú mar a leagtar amach in Airteagal 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE). Mínítear ann gurb amhlaidh atá sé, cé go bhfuil institiúidí an Aontais tar éis 'a ghabháil orthu féin níos mó cothroime a áirithiú, go háirithe ó thaobh an chánachais de, go bhfuil an neamh-chomhionannas tar éis fás go seasta' agus 'sa lá atá inniu ann, is leis an 1 % is saibhre de dhaonra an domhain beagnach leath de shaibhreas an domhain, agus déanann an 1 % is saibhre sin níos mó astaíochtaí $CO_2$ ná an leath is boichte de dhaonra an domhain.' Deir an lucht eagraithe gur gá, chun dul i ngleic leis na dúshláin sin, an tAontas a athdhíriú i dtreo aistriú aeráide a bheidh cóir agus daonlathach agus gur cheart na tionscnaimh Eorpacha ar freagairt iad ar an ngéarchéim aeráide, ar phaindéim COVID-19 agus ar an bhfogha atá á thabhairt faoin Úcráin, gur cheart na tionscnaimh sin a neartú trí cháin ar an saibhreas mór a bhunú. Measann an lucht eagraithe go mbeadh gá le trí

[1] IO L 130, 17.5.2019, lch. 55.

bheart reachtacha chun cáin Eorpach ar an saibhreas mór a thabhairt isteach agus, dá bhrí sin, iarrann siad ar an gCoimisiún Eorpach an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) togra a tharraingt suas le haghaidh treoir maidir le cáin Eorpach ar an saibhreas mór ar bhonn Airteagal 115 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE); (ii) leasú a mholadh ar Chinneadh 2020/2053 ón gComhairle[2] ar bhonn Airteagal 311, an tríú mír, CFAE; (iii) bearta a mholadh chun an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a neartú mar aon leis na cistí atá nasctha leis an gComhaontú Glas don Eoraip agus leis an mBeartas Comhtháthaithe.

(4) Rinne an grúpa eagraithe doiciméad breise, atá i gceangal leis an tionscnamh, ina bhfuil anailís dhlíthiúil ar na gníomhartha á moladh a chur isteach mar chuid dá n-iarratas ar chlárú.

(5) A mhéid a bhaineann le cuspóirí an tionscnaimh, tá sé de chumhacht ag an gCoimisiún treoir a mholadh lena mbunaítear cáin Eorpach ar an saibhreas mór, ar bhonn Airteagal 115 CFAE, leasú ar Chinneadh 2020/2053, ar bhonn Airteagal 311, an tríú mír, CFAE, chomh maith le leasuithe ar Rialacháin (AE) 2021/1056[3] agus (AE) 2021/241[4] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar bhonn Airteagal 175 CFAE.

(6) Ar na cúiseanna sin, measann an Coimisiún nach bhfuil aon chuid den tionscnamh ann ar follas nach dtagann sí faoi chuimsiú chumhachtaí an Choimisiúin togra a thíolacadh le haghaidh gníomh dlí de chuid an Aontais chun na Conarthaí a chur chun feidhme.

(7) Is conclúid é sin nach ndéanann difear don mheasúnú ar cé acu a chomhlíonfaí nó nach gcomhlíonfaí, sa chás seo, na coinníollacha coincréiteacha substainteacha is gá le go ngníomhódh an Coimisiún, coinníollacha lena n-áirítear comhlíonadh phrionsabail na comhréireachta agus na coimhdeachta, sin agus comhoiriúnacht le cearta bunúsacha.

(8) Tá fianaise iomchuí curtha ar fáil ag an ngrúpa eagraithe go gcomhlíonann sé na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 5(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2019/788 agus tá na daoine teagmhála ainmnithe i gcomhréir le hAirteagal 5(3), an chéad fhomhír, den Rialachán sin.

(9) Ní tionscnamh é ar follas é a bheith míchuí, suaibhreosach ná cráiteach, ná ní follas go bhfuil sé contrártha do luachanna an Aontais a leagtar amach in Airteagal 2 CAE ná do na cearta a chumhdaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

(10) Dá bhrí sin, an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh dar teideal 'Cáin a chur ar an saibhreas mór chun an t-aistriú éiceolaíoch agus sóisialta a mhaoiniú', ba cheart é a chlárú.

(11) An chonclúid go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le clárú faoi Airteagal 6(3) de Rialachán (AE) 2019/788, ní rud í a thugann le tuiscint go ndearbhaíonn an Coimisiún ar aon bhealach go bhfuil ábhar an tionscnaimh cruinn fíorasach, agus is é grúpa eagraithe an tionscnaimh amháin atá freagrach as an méid sin. Ní chuireann a bhfuil sa

---

2 Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/335/AE, Euratom (IO L 424, 15.12.2020, lch. 1).

3 Rialachán (AE) 2021/1056 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ciste um Aistriú Cóir (IO L 231, 30.6.2021, lch. 1).

4 Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 057, 18.2.2021, lch. 17).

tionscnamh ach tuairimí an ghrúpa eagraithe in iúl, agus ní féidir a dhéanamh amach ar aon bhealach gurb iad tuairimí an Choimisiúin a léiríonn sé,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Clárófar an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh dar teideal 'Cáin a chur ar an saibhreas mór chun an t-aistriú éiceolaíoch agus sóisialta a mhaoiniú'.

*Airteagal 2*

Tá an Cinneadh seo dírithe chuig grúpa eagraithe an tionscnaimh ó na saoránaigh dar teideal 'Cáin a chur ar an saibhreas mór chun an t-aistriú éiceolaíoch agus sóisialta a mhaoiniú', grúpa arb iad Paul MAGNETTE agus Anne LAMBELIN atá ag gníomhú mar dhaoine teagmhála dó.

Arna dhéanamh in Strasbourg, 11.7.2023

*Thar ceann an Choimisiúin*
*Věra JOUROVÁ*
*Leas-Uachtarán*